Anseo is Ansiúd

**Book 2**
**Lesson 6**



## Mo Mháthair

Éiríonn mo mháthair go moch gach lá. Ullmhaíonn sí an bricfeasta don chlann. Nuair a thagann na páistí isteach sa chistin tugann sí leite dúinn. **Tóstann** sí arán dúinn freisin. Nuair a imíonn na páistí ar scoil níonn sí na gréithe. Triomaíonn sí agus socraíonn sí ar na **seilfeanna** iad. Ansin téann sí isteach sna seomraí codlata agus **cóiríonn sí** na **leapacha.** Ina dhiaidh sin scuabann sí an t-urlár. Ar a haon déag a chlog téann sí amach ag **siopadóireacht.** Ceannaíonn sí feoil agus glasraí don dinnéar. Nuair a thagann sí abhaile ullmhaíonn sí an dinnéar. Níonn sí na prátaí agus cuireann sí isteach i bpota ar an **sorn** iad. Cuireann sí an fheoil ar an sorn freisin. Taitníonn an dinnéar leis na páistí i gcónaí. Cabhraímid le Mamaí **na gréithe** a ní agus an chistin a ghlanadh tar éis an dinnéir. Istoíche cabhraíonn mo mháthair leis na páistí nuair a bhíonn na ceachtanna ar siúl. Deir sí na paidreacha in éineacht leis na páistí. Suíonn sí síos ag féachaint ar an teilifís ar feadh tamaill. Oibríonn sí go dian ó Luan go Satharn.

**Foclóir:**
**glasraí,** vegetables
**istoíche,** at night
**go dian,** hard

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cad a dhéanann sí nuair a imíonn na páistí ar scoil?
   — Itheann sí an bricfeasta.
   — Níonn sí na gréithe.
   — Ullmhaíonn sí an tae.

2. Cad a dhéanann sí ar a haon déag a chlog?
   — Téann sí ar scoil.
   — Glanann sí an teach.
   — Téann sí amach ag siopadóireacht.

3. Cad a chuireann mo mháthair ar an sorn?
   — leabhar agus cóipleabhair.
   — feoil agus prátaí.
   — úlla agus oráistí.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Éiríonn mo mháthair — — gach lá.
2. Ullmhaíonn sí an — don — .
3. Téann sí isteach sna seomraí — agus cóiríonn sí na — .
4. Cabhraímid léi na — a ní agus an — a ghlanadh.
5. Deir sí na — leis na páistí ansin.

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
tóstann sí, seilfeanna, ag siopadóireacht, teilifís, istoíche, leapacha, triomaíonn sí.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cé a ullmhaíonn an bricfeasta don chlann?
2. Cad a dhéanann mo mháthair leis an arán?
3. Cad a dhéanann sí leis na gréithe nuair a bhíonn siad nite aici?
4. Cad a cheannaíonn sí?
5. Cathain a ullmhaíonn sí an dinnéar?
6. Cad a dhéanann mo mháthair istoíche?
7. Cá bhfios duit go n-oibríonn sí go dian?
8. Ce a chabhraíonn le Mamaí na gréithe a ní?

**Gramadach 6**

1. Cabhraímid le Mamaí **na gréithe a ní.**
   **(glan/an teach, cóirigh/na leapacha, cruinnigh/sméara dubha.)**